



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Márta 2018
(OR. en)

7165/18

SOC 141
EMPL 103
ECOFIN 239
EDUC 99

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 15 Márta 2018

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 6570/18 + COR 1
roimhe seo:

Ábhar: Suirbhé Bliantúil Fáis 2018 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar
Fhostaíocht
- Conclúidí ón gComhairle (15 Márta 2018)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Suirbhé Bliantúil Fáis 2018 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, a ghlac an Chomhairle ag an gcrúinniú a bhí aici ar an 15 Márta 2018.

Suirbhé Bliantúil Fáis 2018 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht

Conclúidí ón gComhairle

agus an méid seo a leanas á THABHAIRT DÁ hAIRE aici

1. Cé go bhfuil neamhréitigh nach beag ann fós sna Ballstáit agus eatarthu, tá cúrsaí fostaíochta agus sóisialta ag dul i bhfeabhas ar bhonn leanúnach.
2. 7.3% an ráta dífhostaíochta a bhí san Aontas (agus 8.7% sa limistéar euro) i mí na Samhna 2017. Bhí 2.1% níos mó daoine fostaíthe sa tríú ráithe de 2017 ná mar a bhí i dtréimhse bhuaicphointe na fostaíochta roimh an ngéarchéim, agus san am céanna, tá an dífhostaíocht i measc na hóige agus an dífhostaíocht fhadtéarmach ag dul i laghad ar bhonn leanúnach. Mar sin féin, tá 16.7% den óige dífhostaithe i gcónaí agus i roinnt Ballstát is daoine nach raibh post acu le fada beagnach a leath díobh siúd atá dífhostaithe. Is dúshlán suntasach an dá ghrúpa seo i roinnt Ballstát.
3. Maidir le sprioc na Straitéise Eoraip 2020 go mbainfí ráta fostaíochta 75% amach i gcás na bhfear agus na mban, féadfar breith uirthi fós, ach beidh ar roinnt Ballstát feabhsuithe suntasacha a dhéanamh chun an sprioc náisiúnta atá acu a bhaint amach. Beidh gá le borradh a chur go speisialta faoi rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair. Níl aon athrú ar an mbearna fostaíochta idir na hinscní: cé go bhfuil éagsúlachtaí suntasacha ann idir na Ballstáit, is é 66.4% an ráta fostaíochta i measc na mban ar fud an Aontais, i gcomparáid le 78% i gcás na bhfear sa dara ráithe de 2017.
4. Tháinig méadú leanúnach ar ioncam indiúscartha na dteaghlach agus tá buaicphointe 2009 bainte amach san Aontas anois, a bhuíochas sin don mhéadú i gcruthú fostaíochta go príomha, agus do mhéaduithe i bpá go pointe áirithe freisin. I gcás roinnt Ballstát, tá ioncam indiúscartha na dteaghlach ar leibhéil réamhghéarchéime i gcónaí. Tháinig ísliú leanúnach ar líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta go dtí an leibhéal a bhí ann in 2008. A bhui go príomha do mhórlaghduithe sa ráta géardhíthe ábhartha agus i sciar na ndaoine atá ina gcónaí i dteaghlaigh (ghar-)dhífhostaithe atá an cás sin amhlaidh.

5. D'ainneoin na treochta dearfaí seo, tá líon aisteach daoine i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta i gcónaí: 118 milliún duine nó 23.5% den daonra iomlán in 2016 (22.5% i gcás na bhfear agus 24.4% i gcás na mban). Thabharfadh an méid sin le fios go bhfuil an tAontas an-fhada ón sprioc Eoraip 2020 a bhaint amach, is é sin 20 milliún duine ar a laghad a thabhairt slán ó bhaol na bochtaineachta nó an eisiata shóisialta.
6. Tá meath leanúnach ar dhoimhne agus ar mharthanacht na bochtaineachta, agus comharthaí ann go bhfuil leordhóthanacht na leasanna sóisialta ag meath, mar is léir ón méadú atá tagtha ar an mbaol bochtaineachta ina gcás siúd atá ina gcónaí i dteaghlaigh dhífhostaithe nó ghardhífhostaithe. Ó thaobh an chuimsithe shóisialta agus an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de, is díol mór inní gur ann i gcónaí d'éagothroime mór go leor ioncaim, ar minic baint aici le neamhionannas deiseanna maidir le rochtain a fháil ar oideachas, ar oiliúint agus ar chosaint shóisialta, agus lena léirítear drochthorthaí i margadh an tsaothair. Tá leanaí, go háirithe, leochaileach go maith i gcónaí, agus breis is 25 mhilliún, nó 26.4%, díobh fós i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta in 2016.
7. Tháinig saincheisteanna fostaíochta agus sóisialta chun cinn go mór sna timthriallacha is déanaí den Seimeastar Eorpach. Leagadh béim arís ar thábhacht ghné shóisialta an Aontais le dearbhú cholún Eorpach na gceart sóisialta le déanaí. Tá sé i gceist go bhfeidhmeoidh an colún mar threoir chun torthaí éifeachtacha fostaíochta agus sóisialta a bhaint amach nuair a dhéanfar freagairt do dhúshláin reatha agus do dhúshláin a bheidh ann amach anseo a dhíríonn ar bhunriachtanas na ndaoine a chomhlíonadh, agus chun a áirithiú go ndéanfar cearta sóisialta a achtú agus a chur chun feidhme níos fearr. Treoróidh an colún cur chuige comhchoiteann maidir le cearta sóisialta a chosaint agus a fhorbairt agus maidir le cóineasú sóisialta aníos a chur chun cinn.

AGUS AN MÉID A LEANAS Á CHUR I dTREIS AICI

8. Tá tuilleadh feabhais tagtha ar chás mhargadh an tsaothair de bharr fás leanúnach eacnamaíoch. Tá dlús i gcónaí faoin gcruthú fostaíochta. Mar sin féin, ní fhéadfaimid ár maidí a ligean le sruth anseo agus ní mór obair a dhéanamh chun teacht maith le chéile idir torthaí fostaíochta agus sóisialta a chinntiú. Is díol sásaimh, mar sin, comhleanúnachas na dtosaíochtaí beartais sa Suirbhé Bliantúil Fáis, go háirithe a mhéid a dhírítear ar shaincheisteanna fostaíochta agus sóisialta agus ar an triantán óir sin a bhaineann le borradh a chur faoin infheistíocht, tabhairt faoi athchóirithe struchtúracha agus beartais fhioscacha fhreagracha a áirithiú.

9. Is lú go mór an méadú atá tagtha ar líon na n-uaireanta a chloig a oibrítear in aghaidh an fhostaí ná an méadú ar rátaí fostaíochta. Tá fostaíocht pháirtaimseartha ainneonach agus sealadach ann go tréan i gcónaí. Baineann dúshlán mór i gcónaí leis an deighilt i margadh an tsaothair i roinnt Ballstát, cé go mbaineann ilchineálacht go leor léi. Tá fás pá marbhánta i gcónaí agus tá bochtaineacht i measc lucht oibre coitianta go maith. Tá sé tábhachtach, mar sin, go ndíreofaí ar cháilíocht agus ar chainníocht na fostaíochta araon, lena dtabharfaí aghaidh ar bhochtaineacht i measc an lucht oibre.
10. Leis an athrú atá ag teacht ar shaol na hoibre, tá gá anois le beartais nua-aimseartha oideachais agus scileanna, agus is díol sásaimh dá réir go ndírítear go láidir ar na gnéithe sin sa Suirbhé Bliantúil Fáis agus sna Moltaí Tír-Shonracha do 2017. Áirítear i measc na ndúshlán sonrach nach mór don Aontas aghaidh a thabhairt orthu an comhghaol láidir idir torthaí oideachasúla agus cúlaí socheacnamaíocha agus imirce, rannpháirtíocht íseal san fhoghlaim ar feadh an tsaoil, neamhréir scileanna, agus i gcásanna áirithe, an easpa lucht saothair atá oilte go leor. Leis na cineálacha nua oibre agus líon na n-aistrithe gairmré atá ag teacht chun cinn, d'fhéadfaí go mbeadh gá le nuachóiriú leanúnach a dhéanamh ar chórais cosanta sóisialta chun go mbeidh cosaint ag gach oibrí, beag beann ar a stádas fostaíochta, chun go mbeidh ar a gcumas teacht i dtír ar dheiseanna a thiocfaidh chun cinn, amhail deiseanna a bhaineann leis an digitiú agus leis an ngeilleagar sóisialta agus leis an ngeilleagar glas.
11. Ní bhaintear dóthain leasa as acmhainneacht na mban i margadh an tsaothair; Ba cheart tacú lena rannpháirtíocht i margadh an tsaothair le beartais nua-aimseartha cothromaíochta oibre is saoil do mhná agus d'fhir, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí cúraim leanaí atá inacmhainne agus ar ardcháilíocht agus ar shocruithe solúbtha oibre, lena mbainfí, i gcás inarb ábhartha, dídhreasachtaí fíoscacha i gcás an dara saothraí, agus lena laghdófaí na bearnaí pá idir na hinscní.
12. Tá roinnt grúpaí ann fós nach gcuimsítear a ndóthain i margadh an tsaothair, rud a chuireann as do mhéadú sa ráta fostaíochta amach anseo. Baineann dúshlán go mór mór le rannpháirtíocht daoine óga, náisiúnach tríú tír atá ag cur fúthu go dlíthiúil, oibrítí níos sine, daoine atá dífhostaithe le fada, daoine atá faoi il-mhíbhuntáiste, daoine le míchumas agus daoine tearcoilte i margadh an tsaothair. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ngrúpaí seo faoi chuimsiú na mbeartas ginearálta maidir le margadh an tsaothair agus cúrsaí sóisialta i gcás inarb ábhartha. Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo, beidh ról tábhachtach ag cur chuige cothrom maidir le beartais cosanta sóisialta agus beartais um margadh saothair gníomhach.

13. Tá infheistiú sóisialta agus cur chuige coisctheach bunriachtanach d'fhonn cumas gach duine a neartú chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí agus sa gheilleagar, lena n-áirítear torthaí sóisialta ní b'fhearr agus lena gcothófaí teacht aniar geilleagrach agus táirgiúlacht. Le cosaint éifeachtach éifeachtúil shóisialta, cuirtear leis an gcuimsiú sóisialta agus le caighdeán mhaireachtála a chosaint, agus déantar an bhochtaineacht agus éagothromaíochtaí a chosc. I gcás daoine atá in aois oibre, a eisiatar ó mhargadh an tsaothair agus atá in ann obair a dhéanamh, ba cheart tacaíocht leordhóthanach ioncaim a chumasc le seirbhísí sóisialta agus tacaíocht ar ardchaighdeán, lena n-áirítear beartais shaincheaptha um margadh saothair gníomhach, chun go gcuimseofar na daoine sin an athuair i margadh an tsaothair. I gcás iad siúd nach féidir leo obair a dhéanamh, ba cheart tacaíocht leordhóthanach don chuimsiú sóisialta a chur ar fáil. Ba cheart go mbeadh beartais chun cothromaíocht nua-aimseartha oibre is saoil agus rochtain ar chúram leanaí a chur chun cinn mar thionlacan le tacaíocht do rannpháirtíocht tuismitheoirí i margadh an tsaothair. Ba cheart úsáid a bhaint as cur chuige coisctheach agus luath-idirghabhála chun sciar na bpáistí atá i mbaol bochtaineachta agus eisiamh sóisialta a laghdú agus chun fáinne fí na bochtaineachta ó ghlúin go glúin a bhriseadh.
14. Leanfaidh an t-athrú déimeagrafach de mhórdhúshláin nár mhór dul i ngleic leo a chruthú. Beidh gá leordhóthanacht pinsean a thabhairt slán agus inbhuanaitheacht chórais na bpinsean á háirithiú san am céanna. Le méaduithe le déanaí ar an aois scoir agus ar shocrúithe solúbtha oibre, cuidíodh le rannpháirtíocht oibrithe níos sine i margadh an tsaothair a mhéadú, ach tá tuilleadh le déanamh fós. D'fhéadfadh sé go mbeadh ról dearfach ag pinsin fhorlíontacha agus coigiltis scoir eile i roinnt Ballstát. Beidh bearta de bhreis ar na bearta sin ag teastáil, amhail: beartais cothromaíochta oibre is saoil; nuachóiriú a dhéanamh ar thimpeallachtaí oibre agus dálaí oibre ar ardchaighdeán á gcosaint ag an am céanna; feachtas fostóirí a fheabhsú; agus socruithe níos solúbtha maidir leis an aistriú i dtreo an scoir. Ba cheart díriú le hathchóirithe ar an gcúram fadtéarmach ar an inbhuanaitheacht agus ar rochtain ar chúram fadtéarmach, leordhóthanach, inacmhainne agus ardchaighdeán. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh rochtain ar chúram sláinte coisctheach leigheasacha a bheadh inacmhainne agus ar ardchaighdeán d'fhonn daonra sláintiúil gníomhach a chothú agus rathúnas eacnamaíoch a bhaint amach. Ba cheart aird a thabhairt ar scaipeadh faisnéise, d'fhonn rochtain chothrom iomchuí ar chúram sláinte a áirithiú.
15. Tá idirphlé éifeachtach sóisialta, lena gcuirtear an comhthéacs agus na cleachtais náisiúnta san áireamh, bunriachtanach chun úinéireacht chomhroinnte ar cheapadh beartais a mhéadú. Ba cheart go mbeadh na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta rannpháirteach ar bhealach tráthúil lánbhrí i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh.

IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT an méid seo a leanas a dhéanamh:

- tosaíochtaí an tsuirbhé bhliantúil fáis agus na tuarascála comhpháirtí ar fhostaíocht a léiriú ina gcláir náisiúnta um athchóiriú agus colún Eorpach na gceart sóisialta a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, agus aird chuí á tabhairt ar a n-inniúlachtaí faoi seach¹
- moltaí tír-shonracha 2017 a chur chun feidhme
- dlús a chur lena n-iarrachtaí spriocanna Eoraip 2020 a bhaint amach
- leas a bhaint as an Scórchlár Sóisialta mar a úsáidtear sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus a ndéanfar tuilleadh beachtaithe uirthi, as an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta, agus as an Monatóir ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta chun a n-iarrachtaí cóineasaithe a threorú, i gcás inarb iomchuí.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN an méid a leanas a dhéanamh:

- a bhéim ar shaincheistanna fostaíochta agus sóisialta a chothú laistigh den Seimeastar Eorpach
- a áirithiú go ndéanfar saincheistanna fostaíochta agus sóisialta a áireamh mar is iomchuí sa mheastóireacht ar bheartais na mBallstát
- idirphlé gníomhach a shaothrú leis na Ballstáit maidir le tacar táscairí an Scórchláir, agus urraim iomlán á tabhairt do roinnt na n-inniúlachtaí

IARRANN SÍ AR AN gCOISTE FOSTAÍOCHTA AGUS AR AN gCOISTE UM CHOSAINT SHÓISIALTA an méid a leanas a dhéanamh

- dul ag obair i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach maidir le colún Eorpach na gceart sóisialta a chur chun feidhme faoi chuimsiú creat fadtéarmach gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le Dearbhú an Cholúin agus leis na Conclúidí ón gComhairle Eorpach ar an 14 Nollaig 2017

¹ EUCO 19/1/17 REV1

- leanúint den obair atá idir lámha acu maidir le faireachán agus thagarmharcáil a dhéanamh ar bhonn iltaobhach téamach, agus maidir le faireachán a dhéanamh ar chásanna fostaíochta agus sóisialta sna Ballstáit trí bhíthin an Scórchláir, mar a úsáidtear sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2018, a ndéanfar tuilleadh beachtaithe uirthi, an Mhonatóra ar Fheidhmíocht na Fostaíochta agus an Mhonatóra ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta chun bonn fianaise níos fearr a chur ar fáil don Chomhairle don idirphlé i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh
- tuilleadh oibre a dhéanamh leis an gCoimisiún maidir leis an Scórchlár Sóisialta a choigeartú, go háirithe a mhéid a bhaineann le margaí dinimiciúla saothair agus dálaí córa oibre, ag féachaint don Tuarascáil Chomhpháirteach Fostaíochta a ghlacadh in 2019
- dul ag obair i ndlúthchomhar le coistí comhairleacha agus comhpháirtithe eile, go háirithe an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, an Coiste um Beartas Eacnamaíoch, an Coiste Oideachais, an Mheitheal um an tSláinte Phoiblí ar Leibhéal Sinsearach, agus Líonra Eorpach na Seirbhísí Fostaíochta Poiblí, lena n-áiríteofaí go gcuirfí san áireamh go cothrom sa Seimeastar Eorpach saincheisteanna eacnamaíocha, fostaíochta agus sóisialta
- leanúint de bheith ag obair i ndlúthpháirt le comhpháirtithe sóisialta na hEorpa chun idirphlé éifeachtach a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.
